An Bord Réitigh um Pirít
Pyrite Resolution Board

# An Bord um Réiteach Piríte

## Tuarascáil Bhliantúil 2020

Chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

De réir Alt 9(4) den Acht um Réiteach Piríte, 2013, tá a Thuarascáil Bhliantúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 á cur i láthair ag an mBord um Réiteach Piríte

## Sainordú

Bhunaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Bord um Réiteach Piríte (PRB), tar éis den Acht um Réiteach Piríte, 2013, teacht i bhfeidhm an 10 Eanáir 2014, chun scéim a dhéanamh i leith damáiste do theaghaisí áirithe mar gheall ar at piríte a leasú agus chun stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh ar chlár oibreacha leasúcháin le haghaidh teaghaisí a bhfuil dochar déanta ag pirít dóibh. Tá sé i gceist leis an Scéim um Leasúchán Piríte (an Scéim) creat a bhunú chun na forálacha atá san Acht a chur i bhfeidhm. Rinne an Bord an Scéim an 12 Feabhra 2014, agus rinneadh leasuithe ar an Scéim i mí Feabhra 2015, i mí Iúil 2019 agus i mí Meán Fómhair 2020.

## Ráiteas Misin

*Leasúchán a dhéanamh ar theaghaisí áirithe a bhfuil damáiste déanta ag at piríte i leaca truncála fo-urláir dóibh ar bhealach atá cothrom, éifeachtúil, trédhearcach agus éifeachtach ó thaobh costas de*.

## Clár

Ráiteas an Chathaoirligh 4
Ráiteas an Bhainisteora Ghinearálta 7
Tuarascáil Comhaltaí an Bhoird 13
1. Príomhghníomhaíochtaí 13
2. Comhaltas an Bhoird 13
3. Feidhmeanna an Bhoird 15
4. Freagrachtaí an Bhoird 15
5. Freastal ar Chruinnithe, Luach Saothair agus Costais Chomhaltaí an Bhoird 19
6. Cód Iompar, Nochtadh agus Eitic 22
7. Seirbhísí a sholáthraíonn HomeBond 23
8. Soláthar 23
9. Straitéis agus Plean Gnó 23
10. Athbhreithniú ar an nGnó 23
11. Rialachas Corparáideach 24
12. An Choiste Iniúchóireachta agus Riosca 25
Leibhéil Ghníomhaíochta 27
Roimh, le linn agus tar éis an leasúcháin 28
Achomhairc chuig an mBord 30
Ráiteas ar Rialú Inmheánach 31
Ioncam agus Caiteachas 35
Ranníocaíochtaí 37
Gealltanais Chonarthacha ag Deireadh na Bliana 37
Aguisín A – Iarratais a Cuireadh faoi bhráid sa bhliain 2019 de réir an Chontae/Limistéir 39
Aguisín B - Iarratais a Cuireadh faoi bhráid ón Dáta Seolta go dtí Deireadh na Bliana 40

## Ráiteas an Chathaoirligh

De réir alt 9(4) den *Acht um Réiteach Piríte, 2013*, tá áthas orm an Tuarascáil seo ar fheidhmiú an Bhoird um Réiteach Piríte (PRB) agus ar a fheidhmeanna faoin Acht sin le linn na bliana 2020 a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is í seo an seachtú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an PRB ó bunaíodh ar bhonn reachtúil é in Eanáir na bliana 2014.

Déantar foráil san Acht um Réiteach Piríte 2013 do scéim atá á maoiniú ag an Státchiste a chur ar fáil chun leasúchán a éascú i gcás tithe agus árasáin a ndearnadh damáiste mór dóibh mar gheall ar at piríte sna hurláir, i gcás nach bhfuil aon rogha indéanta eile ag na húinéirí chun sásamh a fháil. Chuir an tAcht an PRB faoi shainordú Scéim a chur le chéile chun leasúchán a dhéanamh ar an damáiste suntasach a rinne pirít do theaghaisí, glacadh le hiarratais ó úinéirí tí a raibh tionchar ag pirít orthu agus feidhmiú cláir leasúcháin piríte a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh orthu.

Leagtar amach san Acht feidhmeanna an Bhoird agus na Gníomhaireachta Tithíochta faoi seach. Faoin Acht, tá an fhreagracht as tástáil na dteaghaisí agus as feidhmiú na n-oibreacha leasúcháin sannta don Ghníomhaireacht Tithíochta. Chomh maith leis sin, de réir an Achta, déantar maoiniú an Státchiste a chuirtear ar fáil chun críocha leasúchán piríte (lena n-áirítear costais an PRB) a sheoladh tríd an nGníomhaireacht Tithíochta agus cuimsítear na Ráitis Airgeadais iniúchta a bhaineann le cistí dá leithéid i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Tithíochta. Tá áthas orm a rá go bhfuil an dá chomhlacht ag leanúint ar aghaidh ag obair le chéile go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Le linn na bliana 2020, bhí an Bord comhdhéanta den Chathaoirleach, an tUasal Jack Keyes (athcheaptha i mí Lúnasa 2020), an Dr. Derek Sinnott (athcheaptha i Meán Fómhair 2019), an tUasal Alec Flood a bhí ina Chomhalta Boird agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca araon (athcheaptha i mí na Nollag 2019), Lydia Bunni, Uasal, (ceaptha chuig an mBord i Meán Fómhair 2020) agus an tUasal Kevin McCrave (ceaptha chuig an mBord i Meán Fómhair 2020).

I Meán Fómhair 2020, cheadaigh an tAire síneadh a chur leis an Scéim um Leasúchán Piríte chun limistéar riaracháin Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a thabhairt san áireamh, a chiallóidh go mbeidh na húinéirí tí a ndearnadh damáiste suntasach dá gcuid teaghaisí mar gheall ar phirít i dteideal iarratas a dhéanamh ar leasúchán. Leagadh amach an moladh chun leasú a dhéanamh ar an Scéim ar dtús i mí Deireadh Fómhair 2019. Foilsíodh an Scéim leasaithe ar láithreán gréasáin an PRB.

I Meán Fómhair 2020, bhain an Bord um Réiteach Piríte buaicphointe suntasach amach tráth a raibh leasúchán déanta ar 2,000 teach cónaithe agus ar tugadh ar ais dá gcuid úinéirí iad. D’fhreastail an tAire ar thabhairt ar ais an 2000ú teach cónaithe do na húinéirí.

Gach aon bhliain, tugann an PRB faoi shuirbhé ar shástacht custaiméirí ar iarratasóirí a ndearnadh a dteaghais a leasú le déanaí. Léirigh an suirbhé ar na húinéirí tí a rinneadh i mí Iúil 2020 rátaí arda sástachta maidir leis an bpróiseas um leasúchán piríte in iomlán, an cúnamh a thug an fhoireann riaracháin, bainisteoirí tionscadal, innealtóirí comhairleacha agus conraitheoirí, agus an treoir a thugtar an láithreán gréasáin an PRB.

Faoi dheireadh na bliana 2020, b'ionann líon na n-iarratas a fuarthas agus 2784; astu sin ceadaíodh 2342 lena gcur san áireamh sa Scéim. As an fhigiúr sin, leasaíodh 2091 teaghais agus cuireadh conarthaí oibre i bhfeidhm i leith 134 teaghais eile. Bhí an caiteachas faoin Scéim sa bhliain 2020 níos ísle ná an leithdháileadh airgeadais a chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil. Tharla sé sin mar gheall ar thionchar Covid-19 ar fheidhmiú na Scéime. Chomhlíon an PRB na treoirlínte go léir a d’eisigh an Rialtas maidir le Covid-19. Le linn na bliana 2020, tugadh 201 teaghais leasaithe ar ais d’úinéirí tí roimh dheireadh na bliana.

Tá iarratais á bhfáil go leanúnach ag an PRB. Sa bhliain 2020, fuair an PRB 193 iarratas, arbh ionann é agus 16 iarratas in aghaidh na míosa, atá níos ísle ná líon na n-iarratas a fuarthas sa bhliain 2019, arbh ionann é agus 336.

Tuigeann an PRB agus an Ghníomhaireacht Tithíochta go rímhaith i gcónaí na deacrachtaí agus an strus a bhíonn ar na húinéirí tí a bhfuil damáiste déanta dá dteach mar gheall ar phirít. Chuireamar romhainn seirbhís a sholáthar dóibh atá tuisceanach agus trédhearcach agus, ar deireadh, trína ndéanfar leasúchán ar a dteach ionas gur féidir cónaí ann mar is cuí a luaithe agus is féidir. Tá sé mar aidhm againn oibriú go dlúth agus i gcomhairle leis na húinéirí tí i gcónaí.  Tá an clár leasúcháin á bhainistiú ar bhealach eagraithe. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh roinnt iarratasóirí fanacht níos faide ná a chéile, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach iarratasóir faoin Scéim seo as a gcuid foighne agus tuisceana. Seachas correisceacht, d'éirigh linn go ginearálta tithe críochnaithe a thabhairt ar ais d'úinéirí tí laistigh den spriocam 12 seachtaine agus níos tapa ná sin i gcásanna áirithe.

Is líon beag foirne atá ag an mBord a chuirtear ar fáil ó fhoireann reatha na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus na Gníomhaireachta Tithíochta. Ní fhostaíonn an Bord aon fhoireann go díreach. Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta roinnt seirbhísí riaracháin, TFC agus dlí, nó soláthraítear iad tríd an nGníomhaireacht.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na Comhaltaí Boird go léir as an tiomantas a léirigh siad agus as an méid a chuir siad le hobair an PRB le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Caroline Gill agus le Seán Balfe as an gcion díograiseach le linn a dtéarma ar an mBord. Is mian liom freisin buíochas a ghlacadh le Annet Busweiler as an sárobair a chuir sí isteach mar Rúnaí an Bhoird, agus le Ciara McCoy a ghníomhaigh go sealadach mar Rúnaí an Bhoird. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Ciara Galvin as an méid a rinne sí chun cur le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an PRB. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do Aidan O'Connor a d'fheidhmigh mar Bhainisteoir Ginearálta as an méid a rinne sé le linn na bliana 2020. Táim buíoch freisin don Chathaoirleach, don Bhord, don Phríomhfheidhmeannach agus d'fhoireann na Gníomhaireachta Tithíochta as a gcomhoibriú fiúntach.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an tUasal Darragh O'Brien, T.D. agus leis na hAirí Stáit, Peter Burke

English, T.D., Malcolm Noonan T.D., agus le hoifigigh na Roinne as an spéis leanúnach a léiríonn siad sa PRB agus ina chuid gníomhaíochtaí agus as an tacaíocht a thugann siad dúinn.



Jack Keyes
Cathaoirleach

## Ráiteas an Bhainisteora Ghinearálta

Ba bhliain dhúshlánach a bhí sa bhliain 2020 don Scéim um Réiteach Piríte. Cuireadh leathadh amach na scéime in oiriúint do shraitheanna dianghlasála agus bearta sláinte Rialtais a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú éifeachtach an phróisis leasúcháin. Mar sin féin, d’éirigh leis an Scéim um Réiteach Piríte cothabháil a dhéanamh ar leibhéal íseal móimintim agus chuaigh oibríochtaí na Scéime chun cinn de réir threoirlínte sláinte an Rialtais agus an tionscail.

B'ionann líon iomlán na n-iarratas ar leasúchán a fuarthas faoin Scéim um Réiteach Piríte (an Scéim), de réir an Achta um Réiteach Piríte 2013 (an tAcht), suas go dtí deireadh 2020 agus 2784 ar an iomlán. Astu sin, fuarthas 193 iarratas ar leasúchán le linn na bliana 2020. Is dóigh gur mar thoradh ar thionchar Covid-19 a bhí an líon chomh híseal sin mar go rabhthas ag súil le níos mó ná 300 bunaithe ar threochtaí iarratais le deireanaí. Is ó fhorbairtí a bhfuil tús curtha le leasúchán nó a bhfuiltear ar tí tús a chur le leasúchán a tháinig na hiarratais nua a fuarthas den chuid is mó.

Bhí raon feidhme geografach na Scéime teoranta do na limistéir sin a sainaithníodh i dtuarascáil an Phainéil um Pirít ó Mheitheamh 2012 m.sh. contaetha na Mí, Chill Dara agus Uíbh Fhailí, agus limistéir riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Sa bhliain 2015 cuireadh ceantair riaracháin Chomhairlí Contae Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leis an scéim trí leasúchán Aireachta.

Le linn na bliana 2018, fuarthas tuairiscí maidir le hat piríte i líon tithe in eastáit i limistéar riaracháin Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Nuair a rinneadh iniúchadh, bhí an Bord um Réiteach Piríte (PRB) sásta go ndearnadh damáiste mar gheall ar at piríte do na teaghaisí sna forbraíochtaí sin agus moladh don Aire Stáit an Scéim a leasú chun na limistéir sin a chuimsiú. Cheadaigh an tAire leasú ar an Scéim chun limistéir riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh araon a thabhairt san áireamh. Tháinig an leasú sin i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2020.

Ar ardleibhéal, cuirtear an Scéim um Leasúcháin Piríte i bhfeidhm mar a leanas, – tagraím d'alt 4 i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird maidir le míniú mionsonraithe ar na céimeanna éagsúla sa phróiseas. Breithníonn Foireann an Bhoird um Réiteach Piríte (PRB) cáilitheacht na n-iarratas a fhaightear. De réir an Phróisis Measúnaithe agus Fíoraithe, cuireann an Ghníomhaireacht moltaí faoi bhráid an PRB maidir le cibé ar chóir nó nár chóir teaghais a áireamh sa Scéim um Leasúchán Piríte. Nuair a chuirtear teaghais san áireamh sa Scéim, cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta an próiseas leasúcháin i bhfeidhm agus tugann sí faoi sheirbhísí gairmiúla agus conarthaí leasúcháin a sholáthar.

Nuair a cheadaítear iarratais aonair, cuirtear i ngrúpaí iad de réir tionscadail chun an éifeachtúlacht is fearr is féidir a bhaint amach i gcomhréir leis an riachtanas nach gcuirtear fad nach gá leis na hoibreacha do na húinéirí tí.  Déantar foráil sa Scéim um Leasúchán Piríte chun oibreacha a chur in ord agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an PRB agus ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun sceideal ordúil tionscadal a chruthú a ndéanfar dul chun cinn orthu go dtí céim na tógála agus le linn chéim na tógála. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chomh maith chun déileáil le cásanna práinne nó cruatain ar leith ar bhonn tosaíochta.  Feidhmíonn an scéim ar bhealach oscailte, trédhearcach agus oibiachtúil.

Chun luach ar airgead a chinntiú, tá painéil chreata curtha ar bun le haghaidh daoine gairmiúla i réimse na tógála agus le haghaidh conraitheoirí tógála.  Tá conarthaí do thionscadail aonair faoi réir ag tairiscint ó na painéil seo. Go ginearálta, tá na tionscadail ag dul ar aghaidh go sásúil leis an gcuid is mó acu ag teacht isteach in am, laistigh de bhuiséid réamh-mheasta agus le hoibreacha críochnaithe go caighdeán ard. B'ionann an meánchostas leasúcháin in aghaidh na teaghaise agus €65,000. D'fhéadfadh éagsúlacht shuntasach a bheith i gceist leis na costais, agus bíonn tithe aon uaire níos costasaí go ginearálta mar gheall ar urlár talún níos mó a bheith iontu.

Rinneadh dul chun cinn sásúil le linn na bliana maidir leis an bpróiseas clárúcháin, suirbhéireacht ar dhamáiste, sonraíocht na n-oibreacha, tairiscintí agus bronnadh conarthaí oibreacha, sceidealú na n-oibreacha, fágáil teaghaisí, tosach feidhme agus

críochnú na n-oibreacha agus athlonnú teaghaisí. Tháinig moilleanna agus costais bhreise chun cinn mar gheall ar Covid-19 nó sa chás inar tháinig lochtanna, seachas na cinn sin a d'eascair ón at piríte, chun cinn le linn obair thógála. Ar bhonn taithí, rinneadh athbhreithniú agus mionathrú ar nósanna imeachta chun cásanna den sórt sin a réamh-mheas, a íoslaghdú agus a bhainistiú chun moilleanna agus costais bhreise a sheachaint chomh fada agus is féidir.

Tá íocaíochtaí le hiarratasóirí maidir le costais dheimhnithe i leith measúnuithe ar bhail foirgnimh, costas aistrithe agus costas stórála déanta freisin de réir théarmaí na Scéime.

Tá Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta i bhfeidhm ag an PRB agus ag an nGníomhaireacht Tithíochta don Bhord um Réiteach Piríte agus don Ghníomhaireacht Tithíochta maidir le leasúcháin teaghaisí faoin Scéim um Leasúchán Piríte, agus aird a thabhairt ar shannadh freagrachtaí feidhmiúla san Acht um Réiteach Piríte. Éilíonn feidhmiú rathúil na Scéime leibhéal ard comhoibrithe idir na Boird, bainistíocht agus comhaltaí foirne an dá chomhlachta. Éilítear comhoibriú neamhfhoirmiúil agus foirmiúil ag gach leibhéal chun seachadadh réidh, éifeachtach agus éifeachtúil an chláir leasúcháin a chinntiú. Cuirtear comhairliúchán luath as a leanann réitigh comhaontaithe chun cinn agus bítear ag súil le comhairliúchán luath.

I mí an Mheithimh 2014, shínigh HomeBond comhaontú maidir le ranníocaíocht HomeBond i dtreo seirbhísí teicniúla agus bainistíochta tionscadal faoi threoir agus mhaoirseacht an Bhoird um Réiteach Piríte agus/nó na Gníomhaireachta Tithíochta, ar luach €2 mhilliún. Cuirfidh an Comhaontú Forlíontach le HomeBond den 4 Nollaig 2015 chun déileáil le lochtanna struchtúracha nach mbaineann le hat piríte ranníocaíocht ar fáil do chuid de chostas na n-oibreacha tógála i roinnt cásanna freisin. Aithnítear go bhfuil ranníocaíocht HomeBond i dtreo tástála agus cláir um leasúchán ina pháirt lárnach agus éifeachtach den phróiseas. Déanfar tuilleadh plé ag súil leis an ranníocaíocht chomhaontaithe bhunaidh a bhaint amach agus dlús a chur faoi.

Déantar foráil sa reachtaíocht go bhféadfadh an PRB na costais ar fad a bhaineann le leasúchán a dhéanamh ar theaghais faoin Scéim, nó cuid de na costais sin, a

aisghabháil ó aon pháirtí ar a bhfuil dliteanas. Tá sé mar choinníoll incháilitheachta faoin Scéim go dtugann an tIarratasóir a chead/a cead don PRB imeachtaí dlí a bhunú i ndáil le caillteanas a eascraíonn as gníomh nó as mainneachtain aon duine a dhéanann dochar piríte suntasach don teaghais.

Cé nach mbreithníonn an PRB gur rogha praiticiúil ag gach úinéir tí tús a chur le himeachtaí dlí, glacann sé bearta, nuair a mheastar gur cuí a leithéid, chun coinneáil i ndiaidh tógálaithe agus/nó forbróirí i gcomhair ranníocaíochta i dtreo chostais na n-oibreacha.

Chomh maith le ranníocaíochtaí den sórt sin, sa chás ina bhfuil teaghais curtha san áireamh sa Scéim ach nár cuireadh tús leis an obair agus ina bhfaigheann an rannpháirtí scéime íocaíocht nach bhfuil faoin Scéim, mar choinníoll de bheith san áireamh go leanúnach sa Scéim, éilítear ar an rannpháirtí scéime an méid a fuarthas a íoc leis an PRB laistigh de thréimhse ama shonraithe. Táthar ag leanúint le gníomhaíochtaí agus idirbheartaíocht bhreise.

Aithníonn an PRB agus an Ghníomhaireacht Tithíochta araon go bhfuil gá le hathbhreithniú leanúnach ar chumarsáid. Tá ríomhphost teagmhála tiomanta i bhfeidhm do chomhaltaí an Oireachtais. Is féidir leis an bpobal teagmháil a dhéanamh leis an mBord ar an bhfón nó ar an ríomhphost, agus is féidir teacht ar na mionsonraí sin chomh maith le gach gné a bhaineann leis an scéim, ar láithreán gréasáin an PRB.

Déantar athbhreithniú ar an Scéim ar bhonn leanúnach le haiseolas ó iarratasóirí agus óna saincheisteanna a ardaíodh tríd an nós imeachta maidir le gearán, achomhairc a fuarthas, uiríll ó ionadaithe poiblí agus trí rannpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, conraitheoirí, comhairleoirí dlí, iniúchóirí agus daoine eile.



Martin Lynch

Bainisteoir Ginearálta

## Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cuireann comhaltaí an Bhoird um Réiteach Piríte a dTuarascáil Bhliantúil i láthair don bhliain dar chríoch 31 Nollag 2020.

### 1. Príomhghníomhaíochtaí

Déantar foráil san *Acht um Réiteach Piríte*, *2013* chun Scéim um Leasúchán Piríte (an Scéim) a chur le chéile le haghaidh teaghaisí áirithe a raibh tionchar ag pirít orthu. Rinne an Bord an Scéim le cead an Aire. Chomh maith leis sin, déanann an Bord cur i bhfeidhm na Scéime um Leasúchán Piríte a threorú agus a mhaoirsiú de réir théarmaí na scéime.

I mí Feabhra 2015, cheadaigh an tAire leasú ar an Scéim chun limistéir Baile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin araon a thabhairt san áireamh. Cheadaigh an tAire leasú eile chun Comhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh a thabhairt san áireamh, agus tháinig an leasú sin i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020.

I dtéarmaí leathana:

- Glacann an Bord um Réiteach Piríte (PRB) le agus déanann bailíochtú ar iarratais faoin Scéim agus déanann maoirseacht ar fheidhmiú an chláir um leasúchán piríte do theaghaisí ceadaithe. Déanann infhaighteacht maoinithe agus fachtóirí eile scála an chláir a chinneadh.

- Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta, faoi réir ag treoir an PRB, leasúchán ar theaghaisí ceadaithe a bhfuil tionchar ag pirít orthu agus cuireann an Ghníomhaireacht an Scéim um Leasúchán Piríte i bhfeidhm. Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta moltaí don PRB a mheas agus a dhéanamh freisin maidir le hiarratais ó úinéirí tí lena gcur san áireamh sa Scéim.

### 2. Comhaltaí an Bhoird

Cuimsíonn an Bord (4) ceathrar Comhaltaí agus Cathaoirleach.

**Jack Keyes, Cathaoirleach**

(Athcheapadh Jack Keyes, Innealtóir Cairte agus iarBhainisteoir Contae, Comhairle Contae an Chabháin chuig an mBord an 3 Lúnasa, 2020)

**An Dr Derek Sinnott**

(Athcheapadh An Dr Derek Sinnott, Ceann Roinne na Timpeallachta Tógtha in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, chuig an mBord an 2 Meán Fómhair 2019)

**Alec Flood**

(Athcheapadh Alec Flood, Abhcóide agus Innealtóir Cairte, chuig an mBord an 29 Nollaig 2019)

**Lydia Bunni**

(Ceapadh Lydia Bunni, Abhcóide, chuig an mBord an 2 Meán Fómhair 2020)

**Kevin McCrave**

(Ceapadh Kevin McCrave, Abhcóide, chuig an mBord an 2 Meán Fómhair 2020)

**Rúnaí an Bhoird**

Amhail an 1 Iúil 2019, ceapadh Annet Busweiler mar Rúnaí Boird ar an PRB.
Amhail an 12 Lúnasa 2020, d'fheidhmigh Ciara McCoy mar Rúnaí Boird.
Déantar bainistiú agus riarachán laethúil fheidhmeanna an PRB a tharmligean chuig an mBainisteoir Ginearálta, le tacaíocht ó chomhaltaí foirne a shanntar ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ón nGníomhaireacht Tithíochta.

Is ón nGníomhaireacht Tithíochta, nó tríd an nGníomhaireacht, a sholáthraítear seirbhísí rúnaíochta, riaracháin, ICT, dlí agus seirbhísí eile don Bhord.

Cuireann an doiciméad maidir le *Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta idir an Bord um Réiteach Piríte agus an Ghníomhaireacht Tithíochta,* na socruithe idir an PRB agus

an Ghníomhaireacht Tithíochta ar bhonn foirmiúil agus leagtar amach na socruithe comhaontaithe idir an dá chomhlacht chun teaghaisí a leasú faoin Scéim agus aird á thabhairt ar shannadh na bhfreagrachtaí feidhmiúcháin san *Acht um Réiteach Piríte, 2013*.

## 3. Feidhmeanna an Bhoird

Leagtar amach in Alt 9 den *Acht um Réiteach Piríte 2013* feidhmeanna an Bhoird um Réiteach Piríte. Tugtar achoimre mar seo a leanas ar an bpríomhfheidhmeanna:

(a) Scéim um leasúchán piríte a dhéanamh faoi alt 13;
(b) Iarratais faoin Scéim a fháil agus a chinneadh;
(c) Treoir agus maoirseacht a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm na Scéime um Leasúchán Piríte;
(d) Buiséid na scéime a cheadú faoi Alt 23 den Acht;
(e) Achomhairc faoi Alt 27 den Acht a chinneadh;
(f) Faisnéis a sholáthar i ndáil le pirít agus damáiste suntasach piríte.

Ag deireadh gach tréimhse 3 mhí, cuireann an Bord tuarascáil faoi bhráid an Aire ina dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na Scéime um Leasúchán Piríte de réir Alt 9(5) den Acht.

## 4. Freagrachtaí an Bhoird

Ghlac an Bord sceideal d’fheidhmeanna agus de ghnó an Bhoird um Réiteach Piríte atá forchoimeádta do chinntí an Bhoird féin i gcomhréir leis an doiciméad dar teideal *Ábhair Fhorchoimeádta lena gCinneadh ag an mBord*. Cinntítear leis sin go bhfuil stiúradh agus rialú ghníomhartha straitéiseacha agus ghníomhaíochtaí eile an PRB á mbainistiú ag an mBord.

**Déanann an Bord maoirseacht ar an Scéim um Leasúchán Piríte, a chuirtear i bhfeidhm mar a leanas:**

- Ag **Céim 1: Iarratas agus Bailíochtú,** breithníonn an PRB bailíochtú an iarratais ón úinéir tí. Go bunúsach, tá dhá ghné sa phróiseas bailíochtú:
    i. Measúnú ar iarratais i ndáil le comhlíonadh na gcritéar cáilitheachta (lena n-áirítear measúnú ar 'roghanna praiticiúla eile')
    ii. Iniúchadh ar an Measúnacht ar Bhail Foirgnimh (BCA) lena chinntiú go bhfuil an leibhéal riachtanach damáiste sna teaghaisí.

  Ag deireadh na céime sin, cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis an gcinneadh an t-iarratas a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Tithíochta don Phróiseas Measúnaithe, Fíoraithe agus Moltaí, nó ar an gcinneadh diúltú don iarratas. Is féidir achomharc a dhéanamh maidir le diúltú.

- **Céim 2: An Próiseas Measúnaithe, Fíoraithe agus Moltaí**, a dtugann an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi, lena ndearbhaítear go bhfuil an damáiste atá taifeadta sa Mheasúnacht ar Bhail Foirgnimh inchurtha i leith at piríte. D'fhéadfadh Fíorú an Damáiste m.sh. deimhniú ar an damáiste inchurtha i leith at piríte, a bheith bunaithe ar theaghais aonair nó ar theaghaisí gaolmhara. Ar an ábhar sin, féadfar teaghaisí gaolmhara a fhíorú ar bhonn damáiste inchomparáide agus/nó tástálacha níos luaithe a raibh na torthaí céanna orthu.

- Tá modheolaíocht curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta i ndáil le clár tástála le haghaidh cásanna nach bhfuil torthaí tástála níos luaithe ar fáil dóibh. Tá tástáil á heagrú ag HomeBond thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta de réir mar is gá. Déantar an t-ábhar truncála a thástáil de réir *Chaighdeán Éireannach 398-1:2017 Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir — Cuid 1: Prótacal tástála agus catagóirithe*.

- Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta moladh don PRB agus na cúiseanna chun teaghais a áireamh sa Scéim nó chun í a eisiamh ón Scéim, agus cuirtear cinneadh

an PRB in iúl don iarratasóir. Is féidir cinneadh chun teaghais a eisiamh ón Scéim a achomharc.

- I gcás ina n-áirítear an teaghais sa Scéim, tugtar 'rannpháirtí sa scéim' ar an iarratasóir ina dhiaidh sin. Féadfaidh Rannpháirtí sa Scéim an costas deimhnithe ar an Tuarascáil Measúnachta ar Bhail Foirgnimh a aisghabháil ansin, faoi réir ag uasteorainn de €500 (CBL san áireamh). Déantar teagmháil leis an Rannpháirtí sa Scéim maidir le socruithe na haisghabhála ag an gcéim seo.

- **Céim 3: Plean Oibreacha Leasúcháin:** Tar éis Chéim 2, téann an t-iarratas ar aghaidh ansin go Céim 3: Plean Oibreacha Leasúcháin. Tar éis tairiscintí a lorg, ceapann an Ghníomhaireacht Tithíochta innealtóir ón *gCreat-Chomhaontú le haghaidh Seirbhísí Gairmiúla Dearthóireachta Foirgníochta (Innealtóir Cairte, Ailtire, Suirbhéir Foirgníochta) le haghaidh na Scéime um Leasúchán Piríte* (painéal de Dhaoine Gairmiúla Dearthóireachta atá cáilithe cheana féin chun an cineál seo oibre a dhéanamh), chun plean oibreacha leasúcháin agus sonraíocht a ullmhú chun an teaghais a leasú. Téitear i gcomhairle leis an Rannpháirtí sa Scéim i ndáil leis an bplean oibreacha leasúcháin.

- **Céim 4: Tairiscintí a Chur Amach agus Anailís ar Thairiscintí:** Nuair a bheidh na doiciméid atá ullmhaithe ag an innealtóir i gCéim 3 curtha i gcrích, téann an t-iarratas ar aghaidh go Céim 4: Tairiscintí a Chur Amach agus Anailís ar Thairiscintí. Eisítear an tairiscint don Chonradh le haghaidh Oibreacha Leasúcháin chuig an *gCreat-Chomhaontú do Chonraitheoir Oibreacha le haghaidh Leasúchán Teaghaisí dá ndearna pirít damáiste faoin Scéim um Leasúchán Piríte* (painéal Conraitheoirí atá cáilithe cheana féin chun an cineál seo oibre a dhéanamh), lena fáil ar ais i gceann 4-5 seachtaine. Seoltar Comhaontú an Úinéara Tí chuig na Rannpháirtithe sa Scéim ag an gcéim seo.

- **Céim 5: Cinneadh Conradh a dhéanamh**: Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta tuairisc don PRB ar na tairiscintí a fuarthas don Chonradh le haghaidh Oibreacha Leasúcháin agus molann sí Conraitheoir Oibreacha don chonradh. Tugann an PRB

cead dul ar aghaidh le bronnadh an Chonartha tar éis a bhreithniú a dhéanamh ar an mbuiséad agus ar an gclár foriomlán.

- **Céim 6: Leasúchán na Teaghaise**: Déanann an conraitheoir an teaghais a leasú de réir an chonartha leasúcháin agus *Caighdeáin Éireannacha 398-2: 2013: Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir — Cuid 2: An Mhodheolaíocht le haghaidh oibreacha leasúcháin* faoi mhaoirseacht an innealtóra a cheap an Ghníomhaireacht Tithíochta.

- **Deimhniú:** Nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích, déanfar iad a dheimhniú de réir *Caighdeáin Éireannacha 398-2: 2013: Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir — Cuid 2: An Mhodheolaíocht le haghaidh oibreacha leasúcháin* agus déanfar éilimh ar íocaíocht na gcostas deimhnithe (stóráil/lóistín) a thabhaigh an Rannpháirtí sa Scéim, ar costais iad a chomhlíonann coinníollacha na scéime, a cheadófar lena n-íoc nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe agus deimhnithe.

- **Céim 7: Tréimhse Coinneála**: Déanfaidh an t-innealtóir measúnú ar lochtanna a bhaineann leis na hoibreacha leasúcháin a chuireann an Rannpháirtí sa Scéim in iúl don Ghníomhaireacht Tithíochta i scríbhinn laistigh de thréimhse 11 mhí ó dháta an Teastais Leasúcháin. Comhaontaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta aon locht a thagann chun cinn sa tréimhse sin mar thoradh ar na hOibreacha Leasúcháin a dheisiú agus sin amháin.

- **Céim 8: Dúnadh Iarratais**: Meastar go bhfuil an t-iarratas dúnta tar éis thréimhse 11 mhí nó nuair a dheiseofar na lochtanna ar leith, más ann dóibh.

- Déanann Bainisteoir Tionscadail idirchaidreamh idir an Rannpháirtí sa Scéim agus an Ghníomhaireacht Tithíochta, an t-innealtóir agus an conraitheoir ionas gur féidir na hoibreacha leasúcháin a phleanáil agus a dhéanamh chomh barainneach agus chomh héifeachtach agus is féidir.

## Costais a Íoc

Clúdaítear sa Scéim costas na n-oibreacha leasúcháin agus na costais ghairmiúla ghaolmhara faoin Scéim. Chomh maith leis sin, is féidir na costais seo a leanas a thabhaíonn an t-iarratasóir a aisghabháil faoin Scéim:

- An costas deimhnithe (CBL san áireamh) a bhaineann leis an Measúnacht tosaigh ar Bhail Foirgnimh a fháil ó dhuine inniúil, faoi réir uasteorainn fhoriomlán €500, ar an gcoinníoll go gceadaítear an teaghais lena cur san áireamh sa Scéim tar éis an Phróisis Fíoraithe;

- Na costais dheimhnithe a bhaineann le troscán, fearais tí agus maoin phearsanta a bhaint go sealadach, a stóráil agus a chur ar ais, chun an leasúchán a éascú, faoi réir uasteorainn €2,500 (CBL san áireamh);

- Na costais dheimhnithe le haghaidh lóistín eile don líon tí chun an leasúchán a éascú, faoi réir uasteorainn €4,500 (CBL san áireamh)

- Ceadaíonn an Bord um Réiteach Piríte gur féidir an liúntas maidir le haistriú agus stóráil sealadach a chur leis an liúntas le haghaidh lóistín eile chun an costas lóistín a chlúdach suas go dtí uasteorainn €7,000 (CBL san áireamh).

## Treoir do Rannpháirtithe sa Scéim

Tá treoir foilsithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun faisnéis bhreise a chur ar fáil d’iarratasóirí, a dtugtar Rannpháirtithe sa Scéim orthu, ar áiríodh a dteaghais sa Scéim um Leasúchán Piríte. Foilsítear an treoir ar láithreán gréasáin an PRB freisin.

## Gairmithe Dearthóireachta Foirgníochta agus Conraitheoirí

Thug an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi phróiseas soláthair sa bhliain 2018, chun Chreat-Chomhaontuithe a leagan síos do Ghairmithe Dearthóireachta Foirgníochta agus Conraitheoirí. Cuireadh tús leis an gcreat don 3 ghnólacht innealtóireachta ar an gCreat-

Phainéal le haghaidh Gairmithe Dearthóireachta Foirgníochta an 26 Márta 2018 ar feadh 2 bhliain, agus cuireadh síneadh leis ar feadh dhá bhliain eile ón 26 Márta 2020.

Thug an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi phróiseas soláthair sa bhliain 2018, chun Creat-Chomhaontuithe a leagan amach do Chonraitheoirí Oibreacha le hoibreacha leasúcháin a dhéanamh. Cuireadh síneadh leis an gcreat do na 5 cuideachta conraitheoireachta ar an gCreat-Phainéal le haghaidh Conraitheoirí Oibreacha i mBabhta 1 (7 dTeaghais agus níos mó) ar cuireadh tús leis an 18 Bealtaine 2018 ar feadh 24 mí, go téarma 12 mí eile ón 18 Bealtaine 2020. Cuireadh síneadh leis an gcreat do na 5 cuideachta conraitheoireachta ar an gCreat-Phainéal le haghaidh Conraitheoirí Oibreacha i mBabhta 2 (1-6 Teaghais agus níos mó) ar cuireadh tús leis an 25 Iúil 2018 ar feadh 24 mí go téarma 12 mí eile ón 25 Iúil 2020.

## 5. Freastal ar Chruinnithe Boird, Luach Saothair agus Costais Chomhaltaí an Bhoird

De ghnáth, tagann an Bord le chéile ar bhonn míosúil (seachas i mí Lúnasa) chun an gnó a stiúradh. Tionóladh 12 Cruinniú Boird ar an iomlán sa bhliain 2020. Mar chuid de na 12 cruinniú Boird, d'fhreastail gach Comhalta Boird ar 5 Chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a reáchtáladh le linn na bliana 2020. Léirítear sa tábla thíos sceideal chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhí ar siúl le linn 2020.

| Dáta | Am |
|---|---|
| 30 Eanáir | 09.30 am |
| 28 Feabhra (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca san Áireamh) | 09.30 am |
| 19 Márta | 11.00 am |
| 2 Aibreán | 11.00 am |
| 23 Aibreán (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca san Áireamh) | 09.30 am |
| 29 Bealtaine (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | 10.00 am |

| | |
|---|---|
| san Áireamh) | |
| 25 Meitheamh | 09.00 am |
| 23 Iúil | 11.00 am |
| 17 Meán Fómhair | 11.00 am |
| 14 Deireadh Fómhair | 14.30 pm |
| 22 Deireadh Fómhair (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca san Áireamh) | 10.30 am |
| 26 Samhain | 14.00 pm |
| 17 Nollaig (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca san Áireamh) | 14.00pm |

Cuirtear freastal ar chruinnithe agus luach saothair agus na costais a bhaineann le gach Comhalta Boird i láthair sa tábla seo a leanas:

| Comhalta Boird | Freastal | Luach Saothair | Costais |
|---|---|---|---|
| Jack Keyes | 12 | €8,978.00 | €2,898.67 |
| Alec Flood | 12 | €2,000.00 | Nialas |
| An Dr Derek Sinnott ***** | 12 | Nialas | Nialas |
| Lydia Bunni | 2 | €400.00 | Nialas |
| Kevin McCrave | 3 | €600.00 | Nialas |

*Ní bhfuair comhalta amháin táille Boird faoin bPrionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin (OPOS).

Freastalaíonn Alec Flood freisin ar Chruinnithe Choiste Iniúchóireachta na Gníomhaireachta Tithíochta thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte.

Cloíonn an Bord agus na comhaltaí foirne ar fad leis na ciorcláin a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le liúntais taistil agus chothaithe.

Íocadh an Bainisteoir Ginearálta de réir ráta Innealtóra Shinsearaigh Scála Tuarastail na nÚdarás Áitiúil. Tá a luach saothair ceadaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 6. Cód Iompair, Nochtadh agus Eitic

Tá Cód Iompair Gnó i bhfeidhm do na Comhaltaí Boird, don Bhainisteoir Ginearálta agus do chomhaltaí foirne ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ón nGníomhaireacht Tithíochta a bhíonn bainteach le cur chun feidhme na Scéime. Soláthraítear an creat sa Chód Iompair faoinar féidir gnó an Bhoird um Réiteach Piríte a dhéanamh ar bhealach dlíthiúil agus eiticiúil ag cloí le luachanna an Bhoird ag an am céanna. Cloíonn na comhaltaí foirne freisin le Treoirlínte ón Roinn i ndáil le hiompar gnó. Tá na hoibleagáidí a fhorchuireann an t*Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995*, agus an t*Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001* á gcomhlíonadh ag na Comhaltaí Boird trí Dhearbhú Leasa a thabhairt ag tús gach Cruinnithe Boird. Iarradh ar gach Comhalta Boird agus ar Fhoireann an Bhoird um Réiteach Piríte an Ráiteas Leasa Bliantúil a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig a gcuid oifigeach faoi seach sa bhliain 2020.

Tá Beartas agus Nós Imeachta um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag an mBord um Réiteach Piríte a bhaineann le gach oibrí de chuid an Bhoird um Réiteach Piríte, lena n-áirítear, conraitheoirí, comhairleoirí, foireann an Bhoird, iar-fhostaithe agus intéirnigh/daoine faoi oiliúint. Ní bhfuair an Bord um Réiteach Piríte aon tuarascáil um nochtadh cosanta sa bhliain 2020.

## 7. Seirbhísí a sholáthraíonn HomeBond

***Seirbhísí Teicniúla agus Bainistíochta Tionscadal***

I Meitheamh 2014, shínigh Cathaoirleach an Bhoird um Réiteach Piríte agus Cathaoirleach Homebond comhaontú maidir le ranníocaíocht HomeBond i dtreo seirbhísí teicniúla agus bainistíochta tionscadal a bhaineann le cur i bhfeidhm na Scéime um Leasúchán Piríte, faoi threoir agus maoirseacht an Bhoird um Réiteach Piríte agus/nó na Gníomhaireachta Tithíochta, dar luach €2 mhilliún. Tá an comhaontú seo á fheidhmiú chun sástacht an Bhoird.

***Comhaontú Forlíontach HomeBond***

Déileálann Comhaontú Forlíontach le HomeBond, den 4 Nollaig 2015, le lochtanna struchtúracha nach mbaineann le hat piríte a aithníodh roimh, nó le linn, oibreacha leasúcháin piríte agus a mbíonn tionchar acu ar dhaingne struchtúrach na teaghaise. Déanfar na lochtanna struchtúracha nach mbaineann le hat piríte a leasú sula gclúdaítear iad le linn na n-oibreacha. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh HomeBond, faoin gComhaontú Forlíontach, ranníocaíocht iomchuí maidir le costais na n-oibreacha struchtúracha den sórt sin.

## 8. Soláthar

Tá an Bord sásta gur comhlíonadh na ceanglais náisiúnta agus ceanglais AE ar fad maidir le soláthar poiblí.

## 9. Straitéis agus Plean Gnó

Cheadaigh an Bord Straitéis de chuid an Bhoird um Réiteach Piríte i ndáil leis an gclár um leasúchán piríte i Meán Fómhair 2018 agus clúdaítear an tréimhse 2019 – 2021 sa straitéis.  Cheadaigh an Bord Plean Gnó de chuid an Bhoird um Réiteach Piríte i mí na Samhna 2019 agus clúdaítear an tréimhse 2019 – 2021 sa phlean.

## 10.  Athbhreithniú ar an nGnó

Tugtar léargas ar an bhfeidhmíocht i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020, lena

n-áirítear, faisnéis ar imeachtaí le déanaí agus ar fhorbairtí amach anseo, i dTuarascáil an Chathaoirligh agus i dTuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta.

## 11. Rialachas Corparáideach

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde maidir le rialachas corparáideach a chothabháil. Chloígh an Bord le linn na bliana 2020, leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar an Cód Cleachtais a dhearadh lena chinntiú go mbainfidh comhlachtaí tráchtála Stáit agus comhlachtaí neamhthráchtála Stáit araon amach na caighdeáin is airde maidir le rialachas corparáideach. Cuireann sé creat ar fáil maidir le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus tá sé mar sprioc aige forbairtí maidir le maoirseacht, riachtanais tuairiscithe agus ceapachán comhaltaí Boird a chur san áireamh. Tá an Cód bunaithe ar bhunphrionsabail an dea-rialachais: na cuntasachta, trédhearcachta, ionracas agus díriú ar rathúlacht inbhuanaithe na heagraíochta san fhadtéarma.

Sa bhreis air sin, chloí an Bord le ceanglais reachtaíochta éagsúla eile, ar nós an *Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014, na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014, agus an tAcht um Chosaint Sonraí/GDPR*.

Sa bhliain 2020, rinne an Bord plé ar thorthaí mheasúnú féinmheastóireachta an Bhoird ar tugadh faoi i mí na Nollag 2019 agus chomhaontaigh gníomhaíochtaí leantacha.

I mí na Samhna 2019, ghlac an Bord le Clár Rialachais. Cuireadh an Clár Rialachais seo i bhfeidhm freisin sa bhliain 2020. Is cur chuige struchtúrtha atá sa Chlár Rialachais chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí a dhéanann suas Creat Rialachais an PRB nuair a chuirtear i dtoll a chéile iad thar thréimhse bliana.

Sa bhliain 2020, rinne an Bord athbhreithniú ar:

- Shocruithe Rialachais agus Nós Imeachta don Bhord um Réiteach Piríte agus don

Ghníomhaireacht Tithíochta
- Cairt Custaiméirí
- Cód maidir le hIompraíocht Gnó
- Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí
- Creat agus Beartas Bainistíochta Riosca
- Nós Imeachta Achomhairc
- Nós Imeachta Gearáin
- Téarmaí Tagartha an PRB
- Liosta maidir le hOibleagáidí Dlíthiúla
- Beartas maidir le Tabhartais agus Flaithiúlacht
- Nochtadh Leasa
- Beartas maidir le Cosaint Sonraí
- Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (ROPA)

Tá na doiciméid seo a leanas i bhfeidhm freisin agus cothrom le dáta:
- Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta don Bhord um Réiteach Piríte agus don Ghníomhaireacht Tithíochta
- Ábhair Fhorchoimeádta lena gCinneadh ag an mBord
- Cumhachtaí Tarmligthe
- Beartas Rúndachta
- Beartas Coimhlint Leasa

Maidir leis sin, leanann an Bord de bheith ag obair ar bheartais agus ar nósanna imeachta i ndáil le rialachas chun aon saincheist maidir le comhlíonadh a d'fhéadfadh teacht chun cinn a aithint.

## 12. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cabhraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh agus feidhmíonn sé de réir na dTéarmaí Tagartha atá ceadaithe ag an mBord a ndearnadh athbhreithniú orthu sa bhliain 2020. Bíonn cruinniú

ag an gCoiste uair sa ráithe.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- Alec Flood (Cathaoirleach)
- Derek Sinnott
- Jack Keyes
- Lydia Bunni
- Kevin McCrave
- Tony O'Brien (comhalta seachtrach a bhfuil taithí sa chuntasaíocht airgeadais aige)

Tá Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an PRB (Alec Flood) ina chomhalta de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta agus tá Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta (Tony O'Brien) ina chomhalta de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an PRB.

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an mBord lena n-aithnítear na rioscaí criticiúla a bhfuil an PRB nochta agus a chinntíonn go nglactar le bearta maolaithe riosca iomchuí agus a sholáthraíonn dearbhú ansin go bhfuil na freagairtí atá á roghnú éifeachtach.

Ghlac an Bord Plean Gnó Bainistíochta Riosca agus Polasaí agus Creat Bainistíochta Riosca. Ceadaíonn an Bord an Plean Gnó Bainistíochta Riosca agus an Clár Riosca go rialta.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rioscaí go tréimhsiúil agus sa chás gur ábhartha, rinneadh moltaí chuig an mBord maidir le leasú agus feabhsú an Chláir Riosca.

## Leibhéil Gníomhaíochta

Léirítear sa tábla thíos stádas na n-iarratas ag deireadh na bliana 2020. Cuimsíonn na figiúirí sin an t-iomlán comhcheangailte ón dáta seolta go dtí deireadh na bliana 2020.

| Stádas na nIarratas ag Deireadh na Bliana | Méid Iomlán |
| --- | --- |
| **Sa Phróiseas Bailíochtaithe** | **113** |
| **Bailíochtaithe agus ag fanacht ar fhíorú** | **86** |
| **San áireamh sa Scéim** | **117** |
| ➢ Pleanáil/sceidealú | 107 |
| ➢ Cur amach Tairiscintí & Anailís ar Thairiscintí | 8 |
| ➢ Cinneadh maidir le Conradh | 2 |
| **Oibreacha Leasúcháin** | **134** |
| **Oibreacha Críochnaithe agus Deimhnithe** | **2091** |
| **Dúnta** | **243** |
| **Líon Iomlán na nIarratas** | **2784** |

Déantar an figiúr 243 a bhriseadh síos mar a leanas:

- Níor chomhlíon 179 iarratas na critéir cháilitheachta;
- Iarratais dúbailte a bhí i gceist le 23 iarratas;
- Tarraing na hiarratasóirí 12 iarratas siar;
- Dúnadh 4 iarratas ar bhonn athrú úinéireachta;
- Níor chuig 17 iarratasóir Measúnú ar Bhail Foirgnimh ar fáil;
- Bhain 4 iarratas le teaghaisí a raibh leasú déanta ag tríú páirtithe orthu;
- Dúnadh 4 iarratas mar gheall gur ó fhorbróirí a tháinig siad agus gur chlúdaigh siad il-árasáin.

## Roimh, le linn agus tar éis an leasúcháin

### Roimh Leasúchán



## Le linn an Leasúcháin





## Tar éis Leasúcháin





## Achomhairc chuig an mBord

Eascraíonn achomhairc chuig an mBord tar éis:

- Iarratas a dhiúltú tar éis Céim 1: Próiseas Bailíochtaithe;
- Eisiamh na Teaghaise ón Scéim tar éis Céim 2: An Próiseas Measúnaithe, Fíoraithe agus Moltaí.

### *Nós Imeachta maidir le hAchomhairc*

Tá nósanna imeachta forordaithe ag an mBord faoi Alt 27 den Acht um Réiteach Piríte, 2013, chun achomhairc i gcoinne chinntí na gCinnteoirí arna gceapadh ag an PRB a éisteacht agus a chinneadh, maidir le hiarratais chun teaghaisí a áireamh sa Scéim. Is féidir teacht orthu sa chuid maidir le hIarratais a Dhéanamh agus sa chuid maidir le Cúram do Chustaiméirí araon ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Cuireadh 38 iarratas bailí ar an iomlán faoi bhráid ó bunaíodh an Scéim, fuarthas 2 acu sin sa bhliain 2020. Bhain achomharc amháin le teaghais a fágadh amach as an scéim mar gur thaispeáin torthaí tástála saotharlainne ar shamplaí truncála ón teaghais so-ghabháltacht a bhí sách fánach. Sheas an Bord le cinneadh an Chinnteora maidir leis an teaghais a fhágáil amach as an Scéim. Baineann an dara hachomharc le hiarratas nuair a thaifead Measúnú ar Bhail Foirgnimh a chuireadh faoi bhráid leis an iarratas rátáil ar dhamáiste dar luach 1.  Tá an t-achomharc seo faoi bhreithniú ag an mBord i gcónaí.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

***Scóip Freagrachta***

Thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a chur i bhfeidhm. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

***Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh***

Leagtar amach an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a sheachaint nó a thabhairt faoi deara in am. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord um Réiteach Piríte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

***An Acmhainneacht Dul i nGleic le Riosca***

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an mBord um Réiteach Piríte ar a bhfuil ceathrar comhalta Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil taithí sa chuntasacht airgeadais acu, agus feidhmíonn duine acu ina Chathaoirleach. Tháinig an Coiste le chéile cúig uaire sa bhliain 2020.

Bhunaigh an Bord um Réiteach Piríte feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a chuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta ar fáil. Tá acmhainní leordhóthanacha ag an fheidhm iniúchta inmheánaí agus tugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an ARC.

Rinne an ARC forbairt ar bheartas bhainistíochta riosca ina leagtar amach a fhonn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsaí riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar

fad a bhfuiltear ag súil go mbeidís ag obair laistigh de raon feidhme bheartais bainistíochta riosca an Bhoird um Réiteach Piríte, chun an Bainisteoir Ginearálta a chur ar an airdeall faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Chuir an Bord um Réiteach Piríte córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéad is indéanta, na rioscaí a mhaolú. Tá clár riosca in úsáid ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Bhoird um Réiteach Piríte agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rathúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- tá doiciméadacht déanta ar na príomhphróiseas gnó go léir,
- tá Ábhair Fhorchoimeádta lena gCinneadh ag an mBord leagtha amach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.

Déantar foráil in alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013, go gcoimeádfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta cuntais ar an airgead go léir a gheobhaidh sí nó a chaithfidh sí faoin Acht.

Deimhním:

- go bhfuil Comhaontú Seirbhíse (Socruithe Rialachais agus Nós Imeachta) i bhfeidhm leis an nGníomhaireacht Tithíochta;
- go bhfaigheann an PRB tuarascálacha míosúla ar ábhair iomchuí ó lucht bainistíochta na Gníomhaireachta Tithíochta; agus
- gur comhalta de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta an PRB, trína bhfuil rochtain ag an PRB ar athbhreithnithe agus rialuithe iniúchóireachta inmheánaigh na Gníomhaireachta Tithíochta chomh maith le hiniúchadh seachtrach na Gníomhaireachta Tithíochta, a dtugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste fúthu.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil an córas leanúnach monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- déanann an Bord athbhreithnithe ar bhonn rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

***Soláthar***

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta feidhm sholáthair an PRB ar fáil.


***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord um Réiteach Piríte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird um Réiteach Piríte ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, faigheann sé eolas ó obair na n-

iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ó obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúchóirí, agus ón mBainisteoir Ginearálta laistigh den Bhord um Réiteach Piríte atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil. Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2020.

***Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach***

Níor aithníodh go raibh laigí ann maidir le rialú inmheánach sa bhliain 2020.



Jack Keyes
Cathaoirleach

27 Bealtaine 2021

## Ioncam agus Caiteachas

Déantar foráil in alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013, go gcoimeádfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta cuntas ar an airgead go léir a gheobhaidh sí nó a chaithfidh sí faoin Acht. Ní mór don Ghníomhaireacht na cuntais sin a chur faoi bhráid an Aire gach bliain tar éis a n-iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ní mór na cuntais sin a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Dá réir sin, níl ráitis airgeadais le fáil sa tuarascáil seo ar an airgead a fuarthas agus ar an gcaiteachas i ndáil le leasúchán piríte. Cuirfear iad sin san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na Gníomhaireachta Tithíochta.

Tagann an maoiniúchán le haghaidh oibreacha leasúcháin piríte ó chaiteachas Státchiste atá leithdháilte ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Ceadaíonn an PRB próifílí caiteachais na Gníomhaireachta Tithíochta i ndáil le costais, gealltanais agus caiteachas. Coimeádtar an caiteachas laistigh de na teorainneacha atá leagtha amach agus de réir na suimeanna atá ceadaithe ag an Roinn. Cloíonn an PRB agus an Ghníomhaireacht Tithíochta le gnéithe iomchuí maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Clúdaítear ceanglais tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Réiteach Piríte faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Tithíochta.

Fógraíodh suim €20 milliún faoi Bhuiséad 2020 chun maoiniú a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime um Leasúchán Piríte i mbliana. Ón tsuim seo tarraingíodh anuas €13,000,000. B'ionann an caiteachas iomlán ar an gclár um leasúchán piríte agus €13,808,104 sa bhliain. Áiríodh anseo figiúr €649,594 do Phá agus Costais Riaracháin atá á mhaoiniú faoi leithdháileadh na Gníomhaireachta Tithíochta agus an chuid eile, €158,510 atá á mhaoiniú ó fhabhrú na bliana 2019.

Is féidir an caiteachas a bhriseadh síos mar a leanas:

| | |
|---|---:|
| Pá & Costais Riaracháin* | € 649,594 |
| Bainisteoirí Dearthóireachta Foirgníochta | € 1,043,172 |
| Conraitheoirí Oibre | € 10,535,466 |
| Íocaíochtaí le hÚinéirí Tí | € 1,390,366 |
| Costais Dlí agus Gairmiúla | € 166,371 |
| Costais Riaracháin Eile | € 23,135 |
| **Caiteachas Iomlán** | **€ 13,808,104** |

* Á mhaoiniú faoi leithdháileadh na Gníomhaireachta Tithíochta

Níl an Ghníomhaireacht Tithíochta i dteideal CBL a aisghabháil agus, ar an ábhar sin, tá CBL san áireamh sna méideanna thuas ar fad.

***Pá & Costais Riaracháin***

Is ionann iad seo agus tuarastail na foirne agus costais eile, mar aon le costais Chomhaltaí an Bhoird um Réiteach Piríte. Faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta maoiniú ar leith ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun caiteachas a thabhaíonn sí go sonrach don Scéim um Leasúchán Piríte a chlúdach.

***Íocaíochtaí le hÚinéirí Tí***

Bíonn Úinéirí Tí ar glacadh iad sa scéim i dteideal
(1) uasmhéid €500 a éileamh ar ais i ndáil le Measúnacht ar Bhail Foirgnimh.
(2) aisíocaíochtaí ar lóistín deimhnithe eile faoi réir uasteorainn €4,500 (CBL san áireamh) in aghaidh na teaghaise.
(3) aisíocaíochtaí ar chostais dheimhnithe a bhaineann le troscán agus inneachar tí a bhaint, a stóráil agus a chur ar ais, faoi réir uasteorainn €2,500 (CBL san áireamh) in aghaidh na teaghaise.

## Ranníocaíochtaí

Bhí fritháireamh áirithe ann i gcoinne an chaiteachais phoiblí a tabhaíodh mar thoradh ar na ranníocaíochtaí a daingníodh de réir an Achta um Réiteach Piríte 2013. Íocadh an t-airgead sin leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

### *Ranníocaíochtaí Alt 12*

De réir Alt 12 den Acht um Réiteach Piríte 2013, lorgaíonn an PRB na costais ar fad a bhaineann le leasúchán a dhéanamh ar theaghais, nó cuid de na costais sin, a aisghabháil ó aon pháirtí ar a bhfuil dliteanas. Sa bhliain 2020, fuair an PRB íocaíocht amháin (€2,527,500) faoi Alt 12 den Acht. Ní mór a thabhairt ar aird gur tabhaíodh táillí dlíthiúla le linn an éilimh seo a bheith á réiteach.

### *Ranníocaíochtaí 20*

De réir Alt 20 den Acht um Réiteach Piríte 2013, sa chás ina bhfuil teaghais san áireamh sa Scéim ach nár cuireadh tús leis an obair agus ina bhfaigheann an rannpháirtí scéime íocaíocht nach bhfuil faoin Scéim, mar choinníoll de bheith san áireamh go leanúnach sa Scéim, éilítear ar an rannpháirtí Scéime an méid a fuarthas a íoc leis an PRB laistigh de thréimhse ama shonraithe. Sa bhliain 2020, fuair an PRB íocaíocht amháin (€32,958.50) faoi Alt 20 den Acht.

## Gealltanais Chonarthacha ag Deireadh na Bliana

Tá na gealltanais chonarthacha amhail an 31 Nollaig 2020 mar a leanas:

| | |
|---|---:|
| Bainisteoirí Tionscadal Tógála | €7,818,697 |
| Conraitheoirí Oibre | €123,592,314 |

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta buiséid le haghaidh caiteachais faoin Acht seo faoi bhráid an Bhoird lena gceadú. Féadfaidh an Bord an buiséad sin a cheadú gan athrú nó an buiséad a cheadú le haon athruithe is cuí leis a dhéanamh. Ní cheadaítear imeacht ón mbuiséad a cheadaíonn an Bord faoin alt seo ach amháin le cead roimh ré ón mBord. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta don PRB ar bhonn rialta maidir le caiteachas iarbhír agus gealltа.

Cheadaigh an Bord an tuarascáil seo agus shínigh na daoine seo a leanas í thar ceann an Bhoird

Martin Lynch
Bainisteoir Ginearálta
27 Bealtaine 2021

Jack Keyes
Cathaoirleach
27 Bealtaine 2021

## Aguisín A – Iarratais a cuireadh faoi bhráid sa bhliain 2020 de réir Contae/Limistéar

| Údarás Áitiúil | Iarratais |
|---|---|
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 1 |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 3 |
| Comhairle Cntae Fhine Gall | 109 |
| Comhairle Chontae Chill Dara | 24 |
| Comhairle Chontae na Mí | 44 |
| Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | 1 |
| Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas | 1 |
| Luimneach | 10 |
| **Móriomlán** | **193** |

| Contae/Limistéar | Iarratais |
|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | **95** |
| Baile Brigín | 44 |
| Domhnach Bat | 1 |
| Baile Gháire | 1 |
| Cionn Sáile | 1 |
| Leamhcán | 1 |
| Lusca | 18 |
| Mullach Íde | 1 |
| An Ros | 17 |
| Sord | 11 |
| **Baile Átha Cliath 13** | **1** |
| Baile Ghrífín | 1 |
| **Baile Átha Cliath 15** | **15** |
| Baile Bhlainséir | 2 |
| Caisleán Chnucha | 1 |
| Baile an Alabhóidigh | 2 |
| Mullach Eadrad | 9 |
| Ongar | 1 |
| **Baile Átha Cliath 16** | **3** |
| Baile an tSaoir | 3 |
| **Cill Dara** | **24** |
| Cill Choca | 3 |
| Léim an Bhradáin | 20 |
| Maigh Nuad | 1 |
| **Luimneach** | **10** |
| An Corrbhaile | 9 |
| An Réabóg | 1 |
| **An Mhí** | **44** |
| Cill Dhéagláin | 15 |
| Dún Búinne | 20 |
| Dún Seachlainn | 3 |
| An Bóthar Buí | 3 |
| Cill Choca | 1 |

| | |
|---|---|
| Cnoc an Línsigh | 2 |
| **Uíbh Fhailí** | **1** |
| Éadan Doire | 1 |
| **Móriomlán** | **193** |

## Aguisín B – Iarratais a Cuireadh faoi Bhráid ón Dáta Seolta go Deireadh na Bliana

| Údarás Áitiúil | Iarratais |
|---|---|
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 36 |
| Comhairle Contae Dún Laoghaire -Ráth an Dúin | 35 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 1842 |
| Comhairle Chontae Chill Dara | 86 |
| Comhairle Chontae na Mí | 711 |
| Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | 30 |
| Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas | 34 |
| Luimneach | 10 |
| **Móriomlán** | **2784** |

| Céime | Iarratais |
|---|---|
| 1. Iarratas agus Bailíochtú | 113 |
| 2. Measúnú/Fíorú ar Dhamáiste | 86 |
| 3. Pleanáil/Sceidealú agus Ullmhú RWP | 107 |
| 4. Cur Amach Tairiscintí agus Anailís ar Thairiscintí | 8 |
| 5. Cinneadh Conradh a Dhéanamh | 2 |
| 6. Leasúchán na Teaghaise | 134 |
| 7. Tréimhse Coinneála – 12 Mí | 268 |
| 8. Iarratas Dúnta | 2066 |
| **Móriomlán** | **2784** |

| Contae/Limistéar | Iarratais |
|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | **1576** |
| Baile Brigín | 489 |
| Baile Bachaille | 5 |
| An Dúcharraig | 1 |
| Domhnach Bat | 78 |
| Baile Gháire | 2 |
| Gleann na gCaorach | 2 |
| Cionn Sáile | 18 |
| Leamhcán | 22 |
| Lusca | 598 |
| Mullach Íde | 6 |
| An Aill | 1 |
| An Caisleán Nua | 13 |
| An Sean Bhaile | 1 |
| Port Mearnóg | 2 |
| An Rus | 288 |
| Sceithrí | 3 |
| Cill Fhionntain | 1 |
| Sord | 46 |
| **Baile Átha Cliath 1** | **1** |
| Glas Naíon | 1 |
| **Baile Átha Cliath 11** | **14** |
| An Gheapach | 1 |
| Fionnghlas | 2 |
| Baile Maidheac | 11 |
| **Baile Átha Cliath 13** | **7** |
| Baile Ghrífín | 6 |
| Cill Bharróg | 1 |
| **Baile Átha Cliath 14** | **1** |
| Baile an Teampaill | 1 |

## Aguisín B ar lean - Iarratais a Cuireadh faoi Bhráid ón Dáta Seolta go Deireadh na Bliana

| **Baile Átha Cliath 15** | **254** | |
|---|---|---|
| Baile na Fuinseoige | | 9 |
| Baile Bhlainséir | | 26 |
| Caisleán Cnucha | | 34 |
| Cluain Saileach | | 9 |
| Baile an Alabhóidigh | | 6 |
| Mullach Eadrad | | 167 |
| Ongar | | 3 |
| **Baile Átha Cliath 16** | **31** | |
| Baile an tSaoir | | 31 |
| **Baile Átha Cliath 5** | **3** | |
| Baile Hearmann | | 1 |
| Ráth Eannaigh | | 2 |
| **Baile Átha Cliath 6** | **1** | |
| Crois Araild | | 1 |
| **Baile Átha Cliath 8** | **9** | |
| Sráid Heytesbury | | 7 |
| Cé na gCeannaithe | | 2 |
| **Baile Átha Cliath 9** | **48** | |
| Baile Munna | | 1 |
| Droim Conrach | | 1 |
| Glas Naíon | | 1 |
| Seantrabh | | 45 |
| **Cill Dara** | **86** | |
| Domhnach Dheá | | 1 |
| An Bóthar Buí | | 2 |
| Cill Choca | | 12 |
| Léim an Bhradáin | | 54 |

| | |
|---|---|
| **Luimneach** | **10** |
| An Corrbhaile | 9 |
| An Réabóg | 1 |
| **An Mhí** | **713** |
| Cill Dhéagláin | 403 |
| Baile Íomhair | 1 |
| Cluain Ailbhe | 1 |
| Droim Rí | 1 |
| Dún Búinne | 151 |
| Dún Seachlainn | 32 |
| An Bóthar Buí | 87 |

## Aguisín B ar lean - Iarratais a Cuireadh faoi Bhráid ón Dáta Seolta go Deireadh na Bliana

| | |
|---|---|
| Cill Bhríde | 1 |
| Cill Choca | 1 |
| Cill Measáin | 3 |
| Cionn Átha Gad | 1 |
| An Uaimh | 8 |
| Ráth Moliain | 5 |
| Ráth Tó | 4 |
| Robinstown | 1 |
| Cnoc an Línsigh | 11 |
| An Barda | 1 |
| Baile Átha Troim | 1 |
| **Uíbh Fhailí** | **30** |
| Éadan Doire | 30 |
| **Móriomlán** | **2784** |